



School Gardening
Resources

PRIMARY LEVEL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

Plean Bliana Pholathollán





Am na Bliana

| Is féidir é seo a dhéanamh am ar bith den bhliain.



1 Tógáil

Tá roinnt bealaí ann chun polathollán a thógáil. Lean treoracha an déantóra nó iarr a gcomhairle nuair is féidir (d'fhéadfadh tuismitheoirí a bhfuil taithí éigin acu nó ceist a chur ar an bhfeighlí).

Tabhair faoi deara gur fearr i gceantair ghaofar an plaisteach a chur i dtrinsí in ionad a chur le barraí - go ginearálta, ní theastaíonn bunsraitheanna coincreíte.

Nuair a bhíonn an tollán á phleanáil & á dhearadh - déan cinnte go bhfuil dóthain spáis ann do rang iomlán. Déan ceapóga ardaithe mar is féidir suíocháin a dhéanamh dá n-imill. Déan iarracht an tollán a úsáid d'amanna teagaisc eile, ní hamháin don gharraíodóireacht.



2 Buntáistí

- ★ Cuireann sé spás síondíonach ó cheann ceann na bliana ar fáil don gharraíodóireacht agus do ranganna eile.
- ★ Ligeann sé barra a fhás in Éirinn nach mairfeadh / bhféadfadh taobh amuigh.
- ★ Síneann sé an séasúr fáis díreach tríd an ngeimhreadh.



3 Nótaí

- ★ Ná cuir barra a dhéanann go maith amuigh faoin aer sa tollán sa samhradh, ar nós brasacaigh, mar ní dhéanfaidh siad go maith!
- ★ Cuir meascán de bhláthanna, torthaí agus glasraí sa tollán.
- ★ Fásann fíniúnacha fíonchaor go han-mhaith i dtollán - plandáil i gcúinne agus treoraigh ar feadh na mbarraí.
- ★ Má tá an tollán mór go leor, bain triail as crainn torthaí ar nós péitseoga nó aibreoga - beidh bearradh ag teastáil uathu.
- ★ Coinnigh an tollán aeráilte go maith chun galar a chosc (is féidir doirse a fhágáil oscailte don chuid is mó den samhradh).
- ★ Cinntigh go bhfuil an tollán beartaithe agat chun spás a cheadú do sheomra ranga agus do limistéar iomadaithe.



Chun tuilleadh eolais a fháil

Polydome - www.polydome.ie

Colm Warren Ltd - www.cwp.ie

email: info@cwp.ie

Simon Cummins Polytunnel

email: cumminss@iol.ie

Sláinte agus Sábháilteacht

- ★ Fan le do ghrúpa.
- ★ Bain úsáid as uirlisí go sábháilte.
- ★ Nigh lámha tar éis seisiún garraíodóireachta.
- ★ Féach ar an mbileog oibre ar Shláinte & Shábháilteacht chun faisnéis mhionsonraithe a fháil.



4 Fómhar/geimhreadh

- ★ Cuir an pollathollán in airde - Is é Meán Fómhair an t-am is fearr
- ★ Cuir prátaí, cairéid, oinniúin, sailéid, pónairí leathana, mange touts agus spionáiste suthain.
- ★ Bain agus bíodh lá cócaireachta scoile agat.
- ★ Tóg gearrthóga- cuiríní, srl.
- ★ Córas bainte uisce a bhunú don tollán.
- ★ Déan suíocháin lasmuigh seomra ranga do phollathollán.
- ★ Plandaíl sútha talún i gcóras pota pirimide.
- ★ Roinn luibheanna plandaí, m.sh. síobhas, miontas i bpotáí





5 Earrach

- ★ Bain glasraí a cuireadh san fhómhar; m.sh. oinniúin, pónairí leathana, spionáiste, glasáin oirthearacha, roicéad, peirsil.
- ★ Cuir síol nó plandáil sailéid, trátaí, cúcamar, ubhthoradh, scuais, cúirséad.
- ★ Cosain gach planda ó dhrúchtín agus shioc.



6 Samhradh

- ★ Bain an dara barra a cuireadh san earrach.
- ★ Teastaíonn cothabháil ar leibhéal íseal i rith laethanta saoire an tsamhraidh mar d'fhéadfadh roinnt barra a bheith réidh roimh Mheán Fómhair (m.sh. trátaí) agus beidh gá le hithe! Bí cinnte go bhfuil bia éigin fágtha do na ranganna nuair a fhillann siad.
- ★ Beidh uisce ag teastáil ón tollán i rith mhíonna an tsamhraidh - déan iarracht é seo a phleanáil isteach sa lá scoile (féach bileog tacaíochta 'Uisciú agus Caomhnú Uisce' le haghaidh tuilleadh sonraí).
- ★ Déan tacaíochtaí do phiseanna agus pónairí - déan fála ó chánaí sailí/bambú.
- ★ Cosain gach planda ó dhrúchtíní.
- ★ Ceapóga fiailí - cuir le carn múirín.
- ★ Plandaí beatha leachtacha.

